Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Hippocampe/Cathaoir Rothaí Trá Dífhabhtaithe

Téarmaí agus Coinníollacha - An Chéad Úsáid agus Réamhchúraimí Úsáide

AN CHÉAD ÚSÁID

1. Marab ionann le cathaoireacha rothaí clasaiceacha, tá tréimhse oiriúnaithe i gceist maidir leis an Hippocampe/Cathaoir Rothaí Trá Dífhabhtaithe a úsáid.
2. Feidhmíonn na rothaí ilraoin seachtracha mar fhonsa láimhe d'úsáideoirí féinghluaiste, soláthraíonn an greamán laistigh den bhfonsa láimhseáil níos fearr.
3. Tá cúnamh ag taisteáil ó chúramóir / cúntóir pearsanta do na rothaí balúin.

RÉAMHCHÚRAIMÍ ÚSÁIDE

1. **Ní bád é** an Hippocampe/Cathaoir Rothaí Trá Dífhabhtaithe. Ligeann sé d'iontráil san uisce **suas go dtí airde acastóir na cathaoireach rothaí** agus níl sé deartha le snámh leis an úsáideoir istigh ann.
2. Ná tum an Hippocampe/Cathaoir Rothaí Dífhabhtaithe – ní féidir le huisce dul thar airde an acastóra cúil.
3. Tá an Hippocampe/Cathaoir Rothaí Dífhabhtaithe deartha d'ualach uasta de 130 cileagram = 20.47 cloch.
4. **Tá sé riachtanach áis snámhachta a chaitheamh má tá tú ag dul isteach san uisce. Ní mór fanacht laistigh den láthair snámha ainmnithe atá marceáilte le bratacha suite ar an trá.**
5. Agus tú ag dul isteach san uisce, moltar duit cromadh chun tosaigh. (D'fhéadfadh snámhacht an rotha tosaigh tú a chaitheamh as cothrom droim ar ais).
6. **Tá cúramóir/cúntóir pearsanta ag taisteáil chun dul isteach san uisce agus chun aistriú go dtí agus ón gcathaoir.**
7. Ní féidir ach aosaigh ábalta amháin úsáideoirí a bhrú ar an gcathaoir / cúram a thabhairt dóibh (go háirithe nuair atá rothaí balúin á úsáid)
8. Moltar an cúram is mó agus is féidir ar thránna agus fánáin ghéara (brúigh na coscáin).
9. Ná húsáid an Hippocampe/Cathaoir Rothaí Trá Dífhabhtaithe nuair atá roth pollta nó leibhéalta.
10. Tá cosc ar an Hippocampe/Cathaoir Rothaí Dífhabhtaithe a úsáid le níos mó ná duine amháin sa suíochán.
11. **Tá cosc** ar seasamh in airde ar an suíochán nó ar an ngarda taca coise.
12. **Tá cosc** ar struchtúr an Hippocampe/Cathaoir Rothaí Trá Dífhabhtaithe a leasú.
13. Seachain dul faoi chonstaicí leis an Hippocampe/Cathaoir Rothaí Dífhabhtaithe.
14. Seachain na coscáin láimhe a bhrú ar dhromchlaí cruach de bharr an bhaoil atá ann maidir le téamh agus gortú.
15. Ná bog timpeall ar uillinn chlaonais níos mó ná 15%.
16. Ná bain triail as constaicí a chur as an slí atá níos mó ná 10 ceintiméadar.
17. Ná caith tobac agus an chathaoir rothaí a úsáid agat, tá an suíochán deartha i slí nach rachadh sé trí thine (laistigh de 15 soicind) tar éis teagmhála le toitíní nó lasáin, ag tabhairt am freagartha don úsáideoir.
18. **Caithfidh duine a bheith leat i gcónaí agus tú ag dul isteach san uisce, nó nuair atá gá le húim a úsáid.**

Tá mé tar éis na Téarmaí agus Coinníollacha maidir leis An Chéad Úsáid agus na Réamhchúraimí Úsáide don Hippocampe/Cathaoir Rothaí Dífhabhtaithe a léamh / éisteacht leo. Tuigim iad agus aontaím cloí leo.

ÉIGEANTACH

Sínithe: _____ Priontáilte:_____ Uimhir Ghútháin Phóca:_____

Dáta: _____

Fógra Príobháideachais
Tá an t-eolas ar fad a iarrtar ar mhaithe le próiseálú d'iarratais amháin. Ní bhailíonn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sonraí pearsanta chun críocha margaíocht tráchtála nó dáileadh chuig eagraíochtaí príobháideacha.

Beidh rochtain chuig aon eolas pearsanta neamhphoiblí a sholáthaíonn tú srianta do na fostaithe amháin a bhfuil gá acu leis an eolas sin d'fhonn d'iarratas a phróiseálú.

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath eolas bailithe a choinneáil le haghaidh tréimhse cúig bliana. Gheofar réidh le d'eolas go sábháilte ina dhiaidh na tréimhse sin.

Féadfar teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag dataprotection@dublincity./ie nó 01- 2223775